

Lá Rannpháirtíochta Poiblí 2

Imeacht chun an baol tuilte cósta atá ann cheana féin agus roghanna maolaithe féideartha maidir le tuilte cósta a chur i láthair.

Dáta: 29 Deireadh Fómhair 2026

Am: 2 i.n. - 8 i.n.

Láthair: Teampaill Chríost, Faiche Dhumhach Thrá, Baile Átha Cliath 4, D04 VW68

I gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fáilte roimh ionchur ón bpobal maidir le Scéim Fóirthe Tuilte Dhumhach Thrá atá molta. Is iad príomhaidhmeanna na scéime sin bearta cosanta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbaol tuilte cósta i nDhumhach Thrá agus chun measúnú a dhéanamh ar an riosca féideartha tuilte ó na trí shruthán a roinneann teorainn le ceantair Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Srutháin Pháirc an Leamháin, Nutley agus Bhaile Eoghain. Maoinítear Scéim Fóirthe Tuilte Dhumhach Thrá mar chuid de ghealltanas €1.3 billiún ón Rialtas chun bearta foirthe tuilte a chur i gcrích faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Tá an dara himeacht rannpháirtíochta poiblí seo dírithe ar an mbaol tuilte cósta atá ann cheana agus ar na roghanna a d'fhéadfaí a úsáid chun an baol sin a mhaolú a chur i láthair. Tá an baol tuilte abhann agus báistiúil á meas ar leithligh. Cuirfear bearta cosanta féideartha i láthair don phobal ar leithligh má mheastar go bhfuil gá leis sin.

Conas Páirt a Ghlacadh

Osclaítear an tréimhse comhairliúcháin ar an 29 Deireadh Fómhair.

Cuirfimid fáilte roimh rannpháirtíocht an phobail agus tá fáilte roimh gach aiseolas.

Cuir do chuid aiseolais isteach trí:

Ríomhphost: sandymount-fas@dublincity.ie

Teileafón: (0)1 222 4329

Seoladh Poist: Scéim Dhumhach Thrá, Bloc 1, Urlár 4, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath, D08 RF3F



SCAN LE hAGHAIDH SUÍOMH GRÉASÁIN

<https://www.floodinfo.ie/frs/en/sandymount/home/>



Má theastaíonn cabhair réasúnta ar bith uait amhail Teanga Chomharthaíochta na hÉireann nó lúba fuaime chun páirt a ghlacadh san imeacht, déan teagmháil le Foireann an Tionscadail roimh ré ionas gur féidir linn sin a eagrú duit.